# Ard-Mhúsaem na hÉireann
# Ráitis Airgeadais
# don Bhliain dar chríoch
# 31 Nollaig 2019

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

## CLÁR


| CLÁR | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 3 - 7 |
| Ráiteas ar an Rialú Inmheánach | 8 - 9 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 10-11 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais & Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 12 |
| Ráiteas  ar ioncam Cuimsitheach | 13 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 14 |
| Ráiteas i dtaobh Sreabhadh Airgid | 15 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 16 - 31 |

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus cuireadh tús leis mar chomhlacht neamhspleách i mí na Bealtaine 2005. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 11 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú agus déanann sé é sin, trí aidhmeanna agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomhábhair ar fad a bhaineann le gnó. Is iad an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ardbhainistíochta atá freagrach as an Músaem a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach atá leagtha amach ag an Bord a leanúint. Caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon fhadhbanna a d'fhéadfadh tarlú. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus Foireann Ardbhainistíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus ina leagtar síos na gnóthaí a fhorchoimeádtar go sonrach i gcomhair cinneadh an Bhoird.

Is iad seo a leanas cuid de na nithe buana a bhíonn faoi shainchúram an Bhord:

- ráitis spéise,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeádta

Tá sé de dhualgas ar an mBord, faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Le linn don Bhord na ráitis airgeadais sin a ullmhú, tá sé de dhualgas ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur chun feidhme ansin go comhréireach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, mura dócha go bhfuil sé mí- chuí go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a rá gur leanadh na caighdeáin chuntasaíochta chuí, faoi réir aon athrú suntasach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid dhóthanacha chuntasaíochta a choimeád, ina nochtar, go cruinn ag aon tráth áirithe, staid airgeadais an Mhúsaeim agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá an Bord freagrach as caomhnú agus sláine an eolais airgeadais agus chorparáidigh ar shuíomh idirlín Ard-Mhusaem na hÉireann.

Tá sé de fhreagracht ar an mBord an buiséad agus an plean bliantúil a cheadú agus cuireadh é seo i gcrích i mí an Mhárta 2019. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi threoir an bhuiséid agus an phlean bliantúil, i mí na Samhna 2019. Cuireadh Athbhreithniú Seachrtach um Éifeachtacht Boird i gcrích i mí Iúil 2019.

Tá an Bord freagrach as sócmhainní an Mhúsaeim a chosaint agus dá réir sin bearta réasúnacha a dhéanamh d'fhonn calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Is é tuairim an Bhoird go dtugtar i ráitis airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann léargas fírinneach cothrom ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar an staid airgeadais ar an 31 Nollaig 2019.

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Struchtúr an Bhoird

Tá 15 gnáthchomhalta agus Cathaoirleach ar an mBord, ceaptha ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Thosaigh foireann reatha an Bhoird ar an **6 Iúil 2016** ar feadh tréimhse cúig bliana agus tagann siad le chéile ar a laghad sé huaire sa bhliain. Tháinig an Bord le chéile **sé huaire** in **2019 .**

Ar an 31 Nollaig 2019, ba iad seo comhaltaí an Bhoird:

| | |
|---|---|
| Catherine Heaney (Cathaoirleach) | Denise Moroney |
| John Bowen | Declan Nelson |
| Mary Crotty | An tOllamh Mary O'Dowd |
| An tOllamh Ingrid Hook | Dr. Andrew Power |
| An tOllamh Kathleen James-Chakraborty | Helen Shenton |
| Dr. Linda King | Virginia Teehan |
| Ambrose Loughlin | Aidan Walsh |
| Judith McCarthy | Paolo Viscardi |

D'éirigh Virginia Teehan (Feabhra 2019) agus Aidan Walsh (Márta 2019) as i rith na bliana.

Tá 4 choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas:

**1. Coiste Iniúchta agus Priacal**: tá triúr ball den Bhord agus beirt bhall neamhspleácha ar an gcoiste seo. Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchta agus Priacal, ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir leis na freagrachtaí atá air ó thaobh riosca, rialú agus rialachas agus an ráthaíocht a bhaineann leo. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go bhfuil monatóireacht neamhspleách agus ghníomhach á déanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta, san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ag gach cruinniú, agus tuairiscíonn siad go foirmeálta i scríbhinn gach bliain. Ba iad seo a leanas comhaltaí an CIC ar an 31 Nollaig 2019: An tUasal Ambrose Loughlin (Cathaoirleach), an tUasal Declan Nelson, an Dr. Andrew Power, an tUasal Michael O'Sullivan (ball seachtrach) agus Aoife Clabby (ball seachtrach). Bhí seacht gcruinniú ag CIC le linn 2019.

**2. An Coiste Forbartha agus Straitéise**: bhí seisear ball ar an mBord in 2019. Is é ról an Choiste Forbartha agus Straitéise cúnamh agus comhairle a thabhairt don Bhord agus don Stiúrthóir maidir le gach gné d'fhorbairt agus straitéis Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste ar an 31 Nollaig 2019: an tUasal John Bowen (Cathaoirleach), Mary Crotty Uas, an tOllamh Ingrid Hook, Denise Moroney Uas, an Dr Linda King agus an tUasal Paolo Viscardi. Ceapadh Jennifer Kennedy Uasal mar bhall seachtrach i mí an Mheithimh 2018. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste in 2019.

**3. An Coiste Comhairleach Poiblí Ginearálta**: Is é seo an t-aon choiste amháin dá bhforáiltear san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (Alt 23) agus tá gach gné a bhaineann le bailiúcháin agus foghlaim, lena n-áirítear, éadálacha, cúram bailiúchán, doiciméadú, taispeántais, digitiú agus foilsiú faoi chúram an choiste seo. Ba iad comhaltaí an Choiste ar an 31 Nollaig 2019: an tOllamh Kathleen James-Chakraborty (Cathaoirleach), an tOllamh Ingrid Hook, an tOllamh Mary O'Dowd, Judith McCarthy Uasal, Helen Shenton Uas, An tUas. John Bowen, an Dr Linda King agus Paolo Viscardi. Ceapadh an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín mar bhall seachtrach i mí na Samhna 2018. Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste in 2019.

**4. Coiste Acmhainní Daonna**: Is é ról an Choiste Acmhainní Daonna maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rúin a bhaineann le hacmhainní daonna in AMÉ, agus ar aontaigh an Bord leo i mí an Mhárta 2017. Bhí ceathrar ball den Bhord ar an gCoiste in 2019: Virginia Teehan (Cathaoirleach), d'éirigh sí as i mí Feabhra 2019. Ghlac Catherine Heaney Uasal leis an bpost mar Chathaoirleach, ba iad na baill eile, an tUasal Ambrose Loughlin, an tOllamh Kathleen James-Chakraborty agus an tUasal John Bowen. Bhí sé chruinniú den Choiste AD in 2019 Tar éis feabhsuithe suntasacha ar Acmhainní Daonna, rinneadh Coiste AD a lanscor i mí na Samhna 2019 tar éis cinneadh Boird. Déanfaidh Coiste Iniúchta agus Riosca an Ard-Mhúsaem na hÉireann, monatóireacht anois ar mhaoirseacht AD in AMÉ.

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Príomh-Athruithe Pearsanra

Ceapadh an Dr Linda King, Helen Shenton Uasal agus an tUasal Paolo Viscardi ar an mBord i mí na Samhna 2018. D'éirigh Virginia Teehan (Feabhra 2019) agus an tUasal Aidan Walsh (Márta 2019) as an mBord. Ceapadh an Dr Audrey Whitty mar Cheann Gníomhach Bailiúcháin agus Foghlama i Márta 2019. Chuaigh an tUasal Tony Candon, Bainisteoir/Coimeádaí Pháirc Thurlaigh ar scor i mí an Mheithimh 2019. Ceapadh Aoife Hurley mar Cheann Oibríochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2019. Ceapadh an tUasal Mark Sherry mar Cheannasaí Seirbhísí Airgeadais & Soláthair i mí Mheán Fómhair 2019.

## Clár Tinrimh agus Costais

Tá sonraí faoi na costais a íocadh le baill an Bhoird agus cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2019 liostaithe thíos:

| | | Líon na gcruinnithe a ndearnadh freastal orthu | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An líon cruinnithe a tionóladh** | | **6** | **7** | **7** | **6** | **6** |
| **Ball Boird** | **2019 Costais €** | **Cruinnithe Boird** | **An Coiste Iniúchta & Riosca** | **Cruinnithe CCPG (GPAC)** | **An Coiste Forb. & Straitéise** | **Coiste AD** |
| Catherine Heaney (Cathaoirleach) | | 5 | | | | 5 |
| John Bowenl | 5,978 | 5 | | 5 | 6 | 6 |
| Mary Crotty | | 4 | | | 4 | |
| An tOll Ingrid Hook | | 6 | | 6 | 5 | |
| An tOll Kathleen James-Chakraborty | 234 | 5 | | 7 | | 4 |
| Ambrose Loughlin | | 6 | 7 | | | 6 |
| Judith McCarthy | | 4 | | 7 | | |
| Denise Moroney | | 5 | | | 3 | |
| Declan Nelson | 2,844 | 5 | 5 | | | |
| An tOll Mary O'Dowd | 3,477 | 6 | | 6 | | |
| Dr Andrew Power | | 5 | 7 | | | |
| Paolo Viscardi | 231 | 6 | | 6 | 5 | |
| Helen Shenton | | 3 | | 4 | 4 | |
| Dr Linda King | | 6 | | 6 | 4 | |
| Virginia Teehanl (X Feabh19) | | 1 | | 1 | | 1 |
| Aidan Walsh ( X Bealtaine 2019) | 104 | 0 | | | 1 | |
| **Iomlán** | **12,869** | | | | | |

Níor íocadh aon táille le baill an Bhoird i 2019. Tabhaíodh costais eile a bhain le cruinnithe chomhaltaí an Bhoird arbh fhiú €5,346 (2018: €4,110) iad le linn 2019. Tá na costais seo san áireamh sa Chaiteachas Fáilteachais ar leathanach 7.

Chomh maith leis na cruinnithe foirmeálta den Bhord agus na cruinnithe Coistí a liostáiltear thuas, d'fhreastail comhaltaí den Bhoid ar roinnt cruinnithe eile a bhain le gnó an Mhúsaeim, agus baineann cuid de na costais a liostáiltear thuas leis na cruinnithe sin.

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Eolas atá riachtanach a nochtadh faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá se de dhualgas ar an mBord a chinntiú go bhfuil Ard-Mhúsaem na hÉireann ag comhlíonadh riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Caithfear na rudaí seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Rangaitear Sochair Ghearrtéarmacha Fostaithe os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| **Réimse na sochar fostaithe iomlán ag deireadh na bliana** | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2019** | **2018** |
| € 60,000 - | € 69,999 | **11** | 9 |
| € 70,000 - | € 79,999 | **8** | 11 |
| € 80,000 - | € 89,999 | **5** | 4 |
| € 90,000 - | € 99,999 | **1** | 1 |
| €100,000 - | €109,999 | **1** | 0 |

Nóta: Don nochtadh eolais seo, tá tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí tógtha san áireamh sna sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí arna gcur ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, ach níl ÁSPC fostóirí san áireamh.Tá líon fostaithe liostaithe mar choibhéisí lánaimseartha.

## Costais Chomhairleoireachta

Tá an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don Fhoireann Bainistíochta Sinsearach san áireamh sna costais seo ach níl feidhmeanna seachfhoisnithe "gnó mar is gnách".

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| **Costais Chomhairleoireachta** | € | € |
| Comhairle Dlí | 28,797 | 20,528 |
| Comhairle Airgeadais | 31,691 | 9,963 |
| Caidreamh Poiblí/ Margaíocht | 62,171 | 46,343 |
| Acmhainní Daonna | 8,823 | 29,187 |
| Feabhsúchán Gnó | 15,621 | 58,603 |
| **Costais Chomhairleoireachta – gearrtha ar Ioncam agus Caiteachais** | 147,103 | 164,624 |

## Costais Dlí agus Socruithe Conartha

Aithníodh costais dlí de € 563,036, (2018: € 331,251) sa tréimhse tuairiscithe. Baineann na costais seo le socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas maidir le comhairle ginearálta dlí a ghlac Ard-Mhúsaem na hÉireann, mar atá nochta sna costais Chomhairleoireachta thuas, san áireamh anseo.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí** | 434,643 | 128,523 |
| Íocaíochtai idir-réitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Socruithe (An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát - gluaiseacht i soláthar) | 128,393 | 202,728 |
| **Iomlán** | **563,036** | **331,251** |

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

| Rangaítear caiteachas taistil agus cothabhála mar seo a leanas: | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Baile** | - Bord | 6,986 | 11,630 |
| | - Fostaithe | 100,915 | 73,770 |
| **Idirnáisúnta** | - Bord | 0 | 0 |
| | - Fostaithe | 15,222 | 29,042 |
| | **Iomlán** | **123,123** | **114,442** |

| **Caiteachas ar Fháilteachas** | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | Fáilteachas Foirne | 29,477 | 16,111 |
| | Fáilteachas Boird* | 4,702 | 4,110 |
| | Fáilteachas nach mbaineann leis an bhfoireann | 19,443 | 27,875 |
| **Iomlán** | | **53,622** | **48,096** |

Tá costais sólaistí, chóiríochta agus lónadóireachta maidir le cruinnithe an Bhoird agus cruinnithe eile de na Coistí ar ar fhreastail comhaltaí den Bhord i rith na bliana cuimsithe i bhFáilteachas Boird. Gach bliain, bíonn cruinniú Boird amháin ar siúl i Músaem, 'Saol na Tuaithe', Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co.Mhaigh Eo

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann tar éis na ceanglais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, a chomhlionadh, seachas na heisceachtaí seo a leanas:

- Tar éis don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha, d'aithin an Músaem roinnt deacrachtaí, atá luaite sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, agus laigí sna réimsí a ghabhann le Córais Soláthair agus Bainistíochta Riosca, go háirithe. Tugadh nósanna imeachta isteach in 2018 chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin agus cuireadh bail chríoch orthu sin in 2019.

**Thar ceann an Bhoird:**

| | |
|---|---|
| **Catherine Heaney**<br>**Cathaoirleach** | **Ambrose Loughlin**<br>**Ball den Bhord** |
| **Dáta Sínithe :** | **Dáta sínithe:** |

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## *Scóip na Freagrachta*

Thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann, glacaim le freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothú agus a chur i bhfeidhm. Cuirtear i gcuntas sa fhreagracht sin, ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## *Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh*

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha, seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go dtugtar údarás d'idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm in Ard-Mhúsaem na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais, ach amháin na saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach a leagtar amach thíos.

## *Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil*

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ar a bhfuil triúr comhaltaí den Bhord, arb é an Cathaoirleach duine acu, agus beirt chomhaltaí neamhspleácha, a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchóireachta acu. Tháinig an CIR le chéile seacht n-uaire in 2019.

Bhunaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí freisin a bhfuil dóthain acmhainní aici agus déanann sí clár oibre a aontaitear leis an CIR, a riaradh.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcreat bainistíochta riosca reatha in 2019. Le linn an phróisis seo rinneadh nuashonrú ar an mbeartas um Bhainistíocht Riosca, ullmhaíodh Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus cuireadh oiliúint bainistíochta riosca ar fáil do na baill foirne iomchuí go léir. Chuir an próiseas seo ar chumas na Bainistíochta déileáil le haon rioscaí agus laigí rialaithe a thiocfadh chun cinn, mar aon le freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimsí oibre féin. Lean an Fhoireann Riosca Sinsearach ag déanamh maoirseachta ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus tagann siad le chéile gach ráithe, nó de réir mar is gá, chun aon riosca nua a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas agus chun Clár Riosca na hEagraíochta a nuashonrú.

### *Creat Riosca agus Rialaithe*

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach ,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach*

In 2019, le linn athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí, aithníodh laigí sa phróiseas bainistíochta riosca ginearálta. Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun ó shin chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe riosca agus chun a chinntiú go gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh seo atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus don Lucht Bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí, agus ar bhealach tráthúil.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú in 2019, agus mar chuid den athbhreithniú seo, tá nuashonrú déanta ar phróisis chun a chinntiú:

- go n-aithneofar príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go gcuirfear próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithneofar a thuairisciú,
- go gcuirfear socruithe tuairiscithe ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- go ndéanfaidh an Lucht Bainistíochta Sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéisí.

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## *Soláthar*

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha. Taraingítear aird ar ábhair a eascraíonn maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## *Athbhreithniú ar Éifeachtacht*

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann Ard-Mhúsaem Náisiúnta na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ar obair bhainistíocht shinsearach in Ard-Mhúsaem na hÉireann, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2019.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

In 2019 aithníodh laigí sa rialú inmheánach maidir le soláthar.

- Ag eascairt as torthaí na tuarascála rialaithe inmheánaigh ar phróisis soláthair, bhain Ard-Mhúsaem na hÉireann úsáid as seirbhísí sainchomhairleoirí soláthair chun oiliúint, doiciméadú agus forbairt phróisis a chur ar fáil ionas go gcomhlíonfaí na rialacha agus na treoirlínte reatha. D'fhorbair AMÉ dréachtphlean Chorparáideach Soláthair, Clár Conartha, Lámhleabhar Nósanna Imeachta agus Plean Oibriúcháin Soláthair do 2019 agus ina dhiaidh sin. Tá sé beartaithe oiliúint foirne maidir le Próiseas Soláthair AMÉ agus teimpléid doiciméadúchán deiridh a chríochnú sa chéad Ráithe de 2020.

- **Soláthar Neamh-Chomhlíontach**
  I rith 2019, tabhaíodh caiteachas de € 227,427 maidir le hearraí agus seirbhísí agus níor chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh, na treoirlínte soláthair go hiomlán. Tharla sé seo mar gheall ar thar-rolladh na gconarthaí a bhí ann go dtí go dtabharfaí chun críche tairiscintí nua agus nósanna imeachta neamhiomlána.

## Bainistíocht Riosca

Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras rialuithe inmheánach in Ard-Mhúsaem na hÉireann trí iniúchadh inmheánach in 2019.

Moladh sa tuarascáil iniúchta inmheánach gur cheart don Mhúsaem leanacht den fhorbairt ar an gCreat foirmiúil Bainistíochta Riosca. Críochnaíodh an obair in 2019 agus díríodh ar na rudaí seo a leanas;

- Athbhreithniú agus nuashonrú ar an mBeartas Bainistíochta Riosca
- Ráiteas Inghlacthachta Riosca a fhorbairt
- Oiliúint ar bhainistíocht riosca a sholáthar do bhaill foirne iomchuí
- Foireann Sinsearach Riosca a bhunú agus doiciméadú foirmeálta a dhéanamh ar an bpróiseas.

Chuir Ard-Mhúsaem na hÉireann i bhfeidhm a Chreat Bainistíochta Riosca faoin gcéad Ráithe de 2020.

**Thar ceann an Bhoird:**

______________________

**Catherine Heaney - Cathaoirleach** **Dáta:**

## ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
## RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAISAS & CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **Nótaí** | **€** | **€** |
| Ioncam ón Oireachtas | **2** | 16,107,393 | 15,460,690 |
| Brabús Comhlán Oibríochtaí Miondíola | **3** | 498,673 | 426,324 |
| Ioncam óna hacmhainní féin | **4** | 285,174 | 312,571 |
| Ioncam eile | **5** | 197,419 | 154,324 |
| **Ioncam iomlán** | | **17,088,659** | **16,353,909** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | **14a** | 7,365,420 | 7,033,406 |
| Costais Sochair Scoir | **15a** | 2,693,870 | 2,571,265 |
| Costais riaracháin eile | **6** | 2,068,296 | 1,793,011 |
| Costais ar bhailiúcháin a fháil, a bhainistiú & a thaispeáint | **7** | 3,919,913 | 3,972,080 |
| Costais Reatha Oibríochtaí Miondíola | **3** | 421,111 | 410,971 |
| Caiteachas ar Thionscadail Shonracha a sheachadadh | **2** | 377,317 | 254,219 |
| Caiteachas óna nAcmhainní féin | **4** | 37,984 | 81,539 |
| Costais Tionscadail | | 148,267 | 9,801 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **17,032,178** | **16,126,292** |
| **Barrachas (Easnamh) Oibriúcháin Glan** | | **56,481** | **227,617** |
| Aistriú go dtí an cuntas Caipitil | **9** | 163,078 | (101,211) |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | | **219,559** | **126,406** |
| **Iarmhéid ar an 1ú Eanáir** | | **725,390** | **598,984** |
| **Iarmhéid ar an 31ú Nollaig** | | **944,949** | **725,390** |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an tuairiscithe. Tá an Ráiteas i dtaobh Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann an Bhoird:**

| | |
|---|---|
| **Catherine Heaney** | **Ambrose Loughlin** |
| **Cathaoirleach** | **Ball den Bhord** |
| **Dáta:** | **Dáta:** |

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
## RÁITEAS IONCAM CUIMSITHEACH
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31ú NOLLAIG 2019

| | Nóta | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | **219,559** | **126,406** |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar thaithí | | 1,844,000 | (2,948,000) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thoimhdí | | (10,785,000) | 1,900,000 |
| Iomlán an (chaillteanais)/ghnóthachain Achtúireach sa Bhliain | **15e** | (8,941,000) | (1,048,000) |
| Coigeartú do mhaoiniú na sochar scoir iarchurtha | | 8,941,000 | 1,048,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain** | | **219,559** | **126,406** |

Tá na nótaí ó 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann an bhoird:**

| | |
|---|---|
| **Catherine Heaney**<br>**Cathaoirleach** | **Ambrose Loughlin**<br>**Ball den Bhoird** |
| **Dáta:** | **Dáta:** |

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

| | Nótaí | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra & trealamh | **10** | 535,519 | 698,598 |
| | | **535,519** | **698,598** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic Mondíola | **16** | 196,679 | 176,133 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | **11+13** | 359,755 | 420,842 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 2,071,479 | 1,400,819 |
| | | **2,627,913** | **1,997,794** |
| **Creidiúnaithe:** Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | | | |
| Suimeanna Iníoctha | **12** | **(1,682,963)** | **(1,272,404)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **944,950** | **725,390** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,480,469** | **1,423,988** |
| **Dliteanais sochair scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | **15 (d)** | (66,500,000) | (55,500,000) |
| Sócmhainní maoinithe de shochar scoir iarchurtha | **15 (b)** | 66,500,000 | 55,500,000 |
| **Glansócmhainní Iomlán** | | **1,480,469** | **1,423,988** |
| **Léirithe ag :** | | | |
| Cuntas Caipitil | **9** | 535,520 | 698,598 |
| Cúlchistí Ioncaim Choimeádta | | 944,949 | 725,390 |
| | | **1,480,469** | **1,423,988** |

Tá na nótaí ó 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann an Bhoird:**

**Catherine Heaney**
**Cathaoirleach**
**Date:**

**Ambrose Loughlin**
**Ball den Bhord**
**Dáta:**

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
## RÁITEAS I dTAOBH SHREABHADH AIRGID
### DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

| | 2019 | 2018 |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas | 219,599 | 126,406 |
| Aistriú go/(ó) Chuntas Caipitil | (163,078) | 101,211 |
| Dímheas | 297,154 | 282,722 |
| Laghdu/(méadú) ar Infháltais | 61,087 | 94,641 |
| (Méadú)/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | 410,559 | (40,830) |
| (Méadú)/Laghdú sna Fardail | (20,546) | (47,177) |
| **Glan-Insreabhadh Airgid/(Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **804,735** | **516,973** |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra & trealamh a fháil | (134,151) | (384,354) |
| Diúscairt sócmhainne seasta. | 74 | 421 |
| **Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(134,076)** | **(383,933)** |
| | | |
| **Méadú (Laghdú) glan ar Airgead agus Coibhéisí Airgid** | **670,659** | **133,040** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ar 1 Eanáir | 1,400,819 | 1,267,779 |
| | | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig 2019** | **2,071,478** | **1,400,819** |

Tá na nótaí ó 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. Polasaithe Cuntasaíochta**

**a) Eolas Ginearálta**
**Bunú Ard-Mhúsaem na hÉireann**
Bunaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhlacht neamhspleách ar an 3 Bealtaine 2005 faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 le Bord agus Stiúrthóir (Príomhfheidhmeannach).

**An Bord**
Tá cathaoirleach agus cúigear déag gnáthchomhaltaí ar an mBord agus is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird:
"*An bailiúchán de réada oidhreachta músaeim a chothabháil, a bhainistiú, a rialú, a chosaint, a chaomhnú, a thaifeadadh, taighde a dhéanamh orthu, agus an bailiúchán mhéadú ar mhaithe le leas an phobail agus chun eolas maidir leis an saol daonna in Éirinn, stair dhúlra na hÉireann, agus caidrimh na hÉireann le tíortha eile i ndáil leis na gnéithe seo a mhéadú agus a leathadh laistigh agus lasmuigh den Stát."*

**An Stiúrthóir**
Is iad feidhmeanna an Stiúrthóra, mar a leagtar amach iad faoi Alt 29(3)(a) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, bainistiú agus rialú a dhéanamh i gcoitinne ar riarachán agus gnó an Mhúsaeim mar aon le cibé feidhmeanna eile a chinnfidh Bord an Mhúsaeim a chomhlíonadh.

**Maoiniú**
Faigheann an Músaem a phríomhfhoinse maoinithe trí mheán deontais a bhronann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 27 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Gineann an Músaem ioncam freisin ó líon gníomhaíochtaí tráchtála ar nós miondíola, cearta grianghrafadóireachta agus macasamhlacha, saincheadúnais lónadóireachta, táillí ó ócáidí corparáideacha, agus sintiúis agus urraíocht ón bpobal.

**b) Ráiteas um Chomhlíonadh**
Is eintiteas Poiblí é Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ullmhaíodh ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais mar a d'fhógair Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

**c) Bunús an Ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaíonn an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas chun feidhme go comhréireach maidir le déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais.

**d) Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin**
Ní aithnítear bailiúcháin an Ard-Mhúsaeim a fhaightear trí cheannach agus bronntanas mar shócmhainní sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Creideann an Bord gurb amhlaidh, mar gheall ar chineál éagsúil na réad a shealbhaítear, líon na réad agus an easpa luachanna margaidh inchomparáide, nach bhféadfaí luachálacha cuimsitheacha a fháil ag costas a bheadh i gcomhréir leis an tairbhe a bheadh ann d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Leagtar amach i Nóta 18 na nochtaí faoi FRS 102, i gcásanna nach gcaipitlítear sócmhainní oidhreachta.

Tá an chumhacht ag Bord an Ard-Mhúsaeim bailiúchán na réad oidhreachta sa mhúsaem a mhéadú ar mhaithe le leas an phobail. Cuirtear an caiteachas a thabhaítear maidir le sócmhainní oidhreachta a fháil san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncam Coimeádta don bhliain a bhfaightear iad.

**e) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh**
Taispeántar réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha.

Cuirtear san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas & Cúlchistí Ioncaim Coimeádta gléasra agus trealamh faoin tairseach caipitlithe €1,000 (ach amháin sócmhainní Teicneolaíochta Faisnéise faoi bhun €750) i mbliain a gceannaithe.

Cuirtear san áireamh dímheas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ar mhodh an mhéid chothroim, ag na rátaí bliantúla a leagtar amach thíos, d'fhonn costas na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú le haghaidh luach iarmharach measta, i gcaitheamh shaolré fhóinteach ionchasach gach catagóire imchuí.

| | |
|---|---|
| • Trealamh | 20.00% |
| • Teicneolaíocht Faisnéise | 33.33% |
| • Córas Bainistíochta Airgeadais | 20.00% |
| • Troscán | 10.00% |
| • Sócmhainní a Bhaineann le Taispeántas | 20.00% |

**f) Aithint Ioncaim**
Taifeadtar deontais ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar bhonn fabhruithe agus is ionann iad agus deontais airgid infhála sa bhliain. Taifeadtar ioncam eile freisin ar bhonn fabhruithe.

**g) Siopaí Miondíola**
Is iad Ard-Mhúsaem na hÉireann a oibríonn Siopaí Miondíola. Déantar fardal a luacháil ar mhodh an mheánchostais.

**h) Cuntas Caipitil**
Déantar deontais Stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach a aistriú chuig an gCuntas Caipitil sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas agus cuirtear iad chun creidiúna d'ioncam i gcaitheamh shaolré fhóinteach na sócmhainní lena mbaineann.

Is ionann iarmhéid an Chuntais Caipitil agus na cistí gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a fháil.

**i) Sochair Fostaithe**

**a) Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá laethanta saoire mar chostas sa bhliain, agus déantar sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana a áireamh i bhfigiúir na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

**b) Sochair Scoir**
De réir Alt 33 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, rinneadh Scéim Aoisliúntais Foirne arb éard í ná Príomhscéim agus Scéim ghaolmhar do Chéilí agus Leanaí, a chur faoi bhráid an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta lena ceadú ag an Aire agus lena comhthoiliú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is scéim pinsin le sochar sainithe í Scéim Aoisliúntais Foirne Ard-Mhúsaem na hÉireann a mhaoinítear go bliantúil ó airgead a chuirtear ar fáil d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, an leithdháileadh a fhaightear ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, san áireamh.

Cuirtear san áireamh sna sochair aisce scoir agus pinsean bliantúil, aisce bháis (Príomhscéim) agus pinsean do chéilí agus/nó do chleithiúnaithe (má bhaineann) más rud é go bhfaigheann an comhalta bás roimh a chéile/nó a céile (An Scéim do Chéilí agus Leanaí).

Méadófar pinsin de ghnáth, faoi réir cheadú an Aire, de réir na méaduithe pá is infheidhme maidir leis an bhfoireann atá ag feidhmiú faoi láthair. Tá na méaduithe pinsin sin éifeachtach ó dhátaí céanna na méaduithe pá.

Beidh baill foirne nua, a fostaíodh sa Mhúsaem ó 1 Eanáir 2013, ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Músaem na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail maidir le baill foirne atá páirteach sa scéim. Aistrítear ranníocaí fostaithe go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go míosúil de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin atá saothraithe ag an bhfoireann sa tréimhse agus taispeántar an glanfhigiúir leis na hasbhaintí pinsin foirne nach gcoinníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann ach a chuirtear ar ais chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Déantar méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin a aithint mar ioncam, sa mhéid gur féidir é a fháil ar ais ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus fritháirithe leis na deontais a fuarthas sa bhliain chun na híocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó dhliteanais scéime sa Ráiteas an Ioncaim Chuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid a fhaightear ar ais ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Is ionann dliteanais phinsin agus an luach láithreach atá ar íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá saothraithe ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsean iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach, a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

**j) Léasanna Oibriúcháin**
Aithnítear ioncam cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta i gcaitheamh shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar mhodh an mhéid chothroim i gcaitheamh thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn méaduithe cíosa nasctha leis an ráta ionchasach boilscithe, agus sa chás sin, aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

**k) Deontais Chaipitil**
Déileáiltear le deontais de chineál caipitil mar ioncam iarchurtha agus cuirtear iad san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ag na rátaí céanna amhail is a dhéantar dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

**l) Soláthairtí**
Déanann Ard-Mhúsaem na hÉireann soláthairtí maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe is eol dó a bheith le híoc ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha seo de ghnáth ar bhonn faisnéise stairiúla nó faisnéise ábhartha eile, arna coigeartú ag treochtaí nua, más iomchuí. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí, áfach, a bhféadfadh sé nach dtarlóidís go ceann roinnt blianta. Dá bharr sin agus de bharr mhéid na neamhchinnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht mhór idir an bhfíortháirgeacht agus an ceann a measadh.

**m) Breithiúnais agus Meastacháin**

**a) Oibleagáidí Sochair Scoir**

Maidir le toimhdí bunúsacha na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus rátaí treochta costas i gcúram sláinte, san áireamh) uasdátaítear go bliantúil iad ar bhonn dálaí eacnamaíochta reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha i dtéarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. D'Fhéadfadh na nithe seo a leanas difear a dhéanamh do na toimhdí sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán.
(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí an mhargaidh saothair sa todhchaí.
(iii) rátaí treochta costas cúram sláinte, ráta boilscithe i gcostas leighis sna réigiúin ábhartha.

**b) Acmhainní Oidhreachta**
D'fheidhmigh an Bord a bhreithiúnas ar an mbonn nach mbeadh an costas maidir le luacháil a fháil ar na hacmhainní oidhreachta go léir i gcomhréir leis na tairbhí a d'eascródh as a leithéid a dhéanamh.

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31ú NOLLAIG 2019

| **2. Ioncam ón Oireachtas** | **2019** | **2,018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Deontas reatha ón Oireachtas** (Vóta 3 fotheideal A10) | 13,001,000 | 12,438,000 |
| **Deontas Chaipitil ón Oireachtas** (Vóta 3 fotheideal A10) | 1,108,000 | 1,108,000 |
| | | |
| **Deontais ón Oireachtas le haghaidh Cuspóirí Sonracha**: | | |
| Luach saothair d'Aimsitheoirí | 0 | 200,000 |
| Wi-Fi Poiblí | 0 | 77,000 |
| Scéim Maoinithe don Bhailiúchán Déantán Digitithe | 65,000 | 34,920 |
| Deontas Trealaimh | 98,295 | 0 |
| Éire Chruthaitheach-Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann | 82,660 | 0 |
| | | |
| Maoíniú iarchurtha le haghaidh Pinsin | 2,058,567 | 1,931,505 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostaithe a aisíocadh leis an Roinn | (306,130) | (328,735) |
| | 16,107,393 | 15,460,690 |

Aithníodh caiteachas €377,317 a bhain le deontais do shainfheidhmeanna ar leith sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta in 2019 (2018: €254,219). Baineann na deontais seo le caiteachas do Éire Chruthaitheach - Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (€82,899), Deontas Trealaimh (€144,053) agus an tionscadal digitithe déantán, (€150,365).

Ní raibh aon chaiteachas breise air maidir le sócmhainní seasta a caipitlíodh sa tréimhse cuntasaíochta (2018: €123,396).

Tugann Ard-Mhúsaem na hÉireann gealltanas go bhfuil infheistíocht an Stáit cosanta agus nach mbainfear úsáid aisti mar urrús le haghaidh aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus gan ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

| **3. Ioncam & Caiteachas miondíóla** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Díolacháin | 1,004,150 | 822,104 |
| Costas Díolachán | (505,477) | (395,780) |
| **Ollbhrabús** | **498,673** | **426,324** |
| | | |
| Tuarastail | (402,989) | (372,582) |
| Costais Riaracháin | (18,122) | (38,389) |
| **Brabús glan/(Caillteanas) don bhliain** | **77,562** | **15,353** |
| | | |
| **Farsbarr glan/(Caillteanas) don bhliain** | **77,562** | **15,353** |

Rinneadh soláthar €59,628 (2018: €64,935) maidir le stoc críon nó mallghluaisteach.

### 4. Ioncam óna Acmhainní Féin

Is ionann Ioncam óna Acmhainní Féin agus ioncam a ghintear trí shaoráidí Ard-Mhúsaem na hÉireann a ligean ar cíos i gcomhair ócáidí agus do chomhdhálacha corparáideacha, lena n-áirítear, an t-ioncam a ghintear ó na saincheadúnais lónadóireachta, scannánaíocht, agus cearta grianghrafadóireachta agus agus macasamhlacha a dhíol.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Ioncam óna acmhainní féin** | **€** | **€** |
| Fáilteachas Corparáideach | 20,098 | 16,298 |
| Lónadóireacht | 116,743 | 110,579 |
| Scannánaíocht | 800 | 12,220 |
| Páirceáil carranna | 110,386 | 155,392 |
| Cearta Grianghrafadóireachta agus Macasamhlacha | 14,305 | 10,607 |
| Ioncam ó Imeachtaí agus Turais threoraithe | 21,008 | 5,447 |
| Ioncam eile | 1,833 | 2,028 |
| | **285,174** | **312,571** |
| **Caiteachas óna Acmhainní Féin** | | |
| Fógraíocht agus margaíocht | (5,355) | - |
| Comhairleoireacht – Máistirphleanáil | (797) | (61,309) |
| Costais na dtaispeántas | - | - |
| Costais eile | (31,832) | (20,230) |
| | **(37,984)** | **(81,539)** |
| **Ioncam Glan óna Acmhainní Féin** | **247,190** | **231,032** |

| **5. Ioncam eile** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam ó Thionscadail | 52,138 | 6,690 |
| Urraíocht agus Síntiúis | 145,281 | 147,634 |
| | **197,419** | **154,324** |

| **6. Costais Riaracháin eile** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Teicneolaíocht an Eolais | 504,622 | 455,743 |
| Taisteal agus Cothabháil | 88,607 | 83,576 |
| Táillí an Bhoird | 8,257 | 15,740 |
| Foireann ar chonradh & Comhairleoireacht | 237,429 | 253,009 |
| Riarachán Ginearálta | 484,534 | 168,614 |
| Costais Oiliúna | 93,275 | 92,996 |
| Costais Acmhainní Daonna | 81,583 | 105,268 |
| Stáiseanóireacht Oifige agus Soláthairtí | 11,061 | 8,162 |
| Táillí Iniúchta | 29,600 | 27,000 |
| Iniúchadh Inmheánach | 12,755 | 8,770 |
| Méadú/(Laghdú) i soláthar maidir le héilimh | 128,393 | 202,728 |
| Brabús/Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 74 | 421 |
| Táille dímheasa | 297,154 | 282,722 |
| Teileachumarsáid | 90,950 | 88,262 |
| | 2,068,296 | 1,793,011 |

## ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
### DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31ú NOLLAIG 2019

| **7. Na costais ar bhailiúcháin a fháil, a bhainistiú agus a chur ar taispeáint** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Caiteachas Seirbhísí** | | |
| Tacaíocht do Thaispeántais | 263,684 | 338,533 |
| Margaíocht agus Fógraíocht | 229,938 | 210,184 |
| Fóntais – ina measc, Téamh, Soilsiú agus Muirir Uisce | 727,862 | 777,714 |
| Slándáil | 759,186 | 708,580 |
| Cothabháil agus Glantachán | 392,557 | 377,405 |
| Postas agus Teilechumarsáid | 18,172 | 17,208 |
| Cláir Oideachais | 243,516 | 215,952 |
| Iompar agus Tarlú | 19,693 | 22,745 |
| Comharthaíocht | 191 | 6,448 |
| Grianghrafadóireacht | 8,580 | 7,389 |
| Trealamh oifige agus Soláthairtí | 8,748 | 14,313 |
| Cíos | 455,146 | 481,300 |
| Dearadh | 891 | 3,764 |
| | 3,128,165 | 3,181,535 |
| **Caiteachas ar Bhailiúcháin** | | |
| Imscrúduithe/Taighde | 11,333 | 10,600 |
| Leabharlann | 47,971 | 50,966 |
| Obair Chaomhnaithe | 15,342 | 24,178 |
| Foilseacháin Acadúla | 39,862 | 10,263 |
| Cartlann/ Cáipéisíocht | 375,363 | 175,209 |
| Soláthairtí Caomhnaithe | 17,589 | 52,896 |
| Stóráil | 149,195 | 138,033 |
| | 656,655 | 462,145 |
| **Déantáin/Eiseamail a Fuarthas** | | |
| Ceannachán Déantán | 115,017 | 255,420 |
| Luach saothair d'Aimsitheoirí | 14,860 | 23,575 |
| Ceannacháin Eiseamal | 3,372 | 49,405 |
| Costais Ilghnéitheacha | 1,844 | - |
| | 135,093 | 328,400 |
| **Na costais iomlána a bhain le bailiúcháin a fháil, a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur ar taispeáint** | **4,005,278** | **3,972,080** |

**8. Áitreabh** Tá Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí freagrach as seirbhísí a sholáthar do thógáil agus cothabháil na bhfoirgneamh (in úsáid agus nach bhfuil in úsáid) atá ar léas ag an Ard-Mhúsaem agus nó ar leis an Ard-Mhúsaem iad. Ní áirítear fóntais leis seo. Íoctar na costais atá i gceist ón Vóta do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí. Cuirtear na háitribh seo a leanas ar fáil saor ó chíos don Mhúsaem

- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Na hEalaíona Maisiúla agus Stair, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath7.
- Ard-Mhúsaem na hÉireann – Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath .
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath .
- Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.
- Saoráid stórála sa tsean-Scoil Saothair, An Daingean, Co. Uíbh Fhailí.
- Saoráid stórála i dTor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath 2.
- Áitreabh Cóireála Bailiúchán, Béal Átha Liag, Co. Ros Comáin. Tá an áitreabh seo in úsáid agus cutha ar fáil ag Bord na Móna saor ó chíos.

Ina theannta sin, tá áitreabh sa Lárionad Acmhainní Bailiúchán i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, ar léas ag an Músaem (féach Nóta 13).

**9. Cuntas Caipitil**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir** | 698,598 | 597,387 |
| | | |
| **Aistriú ón/(go dtí an) Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas & Cúlchistí Ioncaim Coimeádta** | | |
| Chun ceannacháin réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a mhaoiniú | 134,151 | 384,354 |
| Amúchadh de réir dímheas sócmhainní | (297,154) | (282,722) |
| An méid réadaithe ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a dhiúscairt | (74) | (421) |
| | **(163,078)** | **101,211** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **535,520** | **698,598** |

**10. Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh**

| | Trealamh | Teicneolaíocht Faisnéise | Troscán | Sóchmhainní Taispeántais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **<u>Costas nó Luacháil</u>** | | | | | |
| ar an 01 Eanáir 2019 | 2,958,807 | 1,959,114 | 796,803 | 3,534,085 | 9,248,809 |
| | | | | | |
| Breiseanna | 22,928 | 26,220 | 9,025 | 75,977 | 134,151 |
| Diúscairtí | (7,860) | (53,883) | - | - | (61,742) |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,973,876** | **1,931,451** | **805,829** | **3,610,062** | **9,321,217** |
| | | | | | |
| **<u>Dímheas carntha</u>** | | | | | |
| **Iarmhéid Tosaigh** | 2,893,960 | 1,751,067 | 793,833 | 3,111,351 | 8,550,211 |
| Muirear dímheasa don tréimhse | 22,832 | 109,788 | 1,077 | 163,457 | 297,154 |
| Diúscairtí | (7,860) | (53,808) | - | - | (61,668) |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,908,932** | **1,807,047** | **794,911** | **3,274,808** | **8,785,698** |
| | | | | | |
| **<u>Glanluach de réir na leabhar</u>** | | | | | |
| **ar an 31 Nollaig 2019** | **64,943** | **124,404** | **10,918** | **335,254** | **535,519** |
| | | | | | |
| **ar an 31 Nollaig 2018** | **64,847** | **208,047** | **2,970** | **422,734** | **698,598** |

Úsáideann Ard-Mhúsaem na hÉireann talamh agus foirgnimh, ar leis an stát iad agus a ndéanann Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí cothabháil orthu, saor in aisce.

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31ú NOLLAIG 2019

Sócmhainní Seasta: Comparáidí leis an mBliain Roimhe

| | **Trealamh** | **Teicneolaíocht Faisnéise** | **Troscán** | **Sócmhainní Taispeántais** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **COSTAS NÓ LUACHÁIL** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | 2,930,662 | 1,879,738 | 796,804 | 3,291,124 | 8,898,328 |
| Breiseanna | 35,568 | 105,824 | 0 | 242,962 | 384,354 |
| Diúscairtí | (7,423) | (26,451) | 0 | 0 | (33,874) |
| **Ar an 31Nollaig 2018** | **2,958,807** | **1,959,111** | **796,804** | **3,534,086** | **9,248,808** |
| | | | | | |
| **DÍMHEAS CARNTHA** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | 2,880,850 | 1,643,945 | 783,687 | 2,992,459 | 8,300,941 |
| Muirear dímheasa don tréimhse | 20,532 | 133,153 | 10,147 | 118,890 | 282,722 |
| Diúscairtí | (7,423) | (26,030) | 0 | 0 | (33,453) |
| **Ar an 31Nollaig 2018** | **2,893,959** | **1,751,068** | **793,834** | **3,111,349** | **8,550,210** |
| | | | | | |
| **GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR** | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **64,848** | **208,043** | **2,970** | **422,737** | **698,598** |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 49,812 | 235,793 | 13,117 | 298,665 | 597,387 |

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **11. Infháltais** | **€** | **€** |
| Réamhíocaíochtaí | 289,781 | 302,731 |
| Cuntais Infhála | 70,823 | 93,509 |
| Scéimeanna Fostaithe (Pas Taistil agus ‘rl.) | (848) | 24,602 |
| | **359,755** | **420,842** |

**12. Suimeanna Iníoctha**

| **Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite lasitigh de 1 bhliain amháin** | | |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 50,450 | 104,184 |
| Soláthar i gcomhair Éileamh | 383,337 | 322,019 |
| Fabhruithe | 887,934 | 501,996 |
| Fabhruithe le haghaidh Pá Saoire | 110,743 | 137,122 |
| CBL | 67,330 | 18,052 |
| **Asbhaintí Párolla**: | | |
| IMAT/ASPC | 183,169 | 162,288 |
| Eile | 0 | 26,743 |
| | **1,682,963** | **1,272,404** |

**13. Ceangaltais Léasa**

Tá ceangaltais de €510,000 (2017: €510,000) ar Ard-Mhúsaem na hÉireannis iníoctha laistigh den chéad dá mhí dhéag atá romhainn ar oibleagáid chíosa 20 bliain le haghaidh Lárionad Acmhainní na mBailiúchán i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, ar léas a thosaigh an 17 Meán Fómhair 2010. Tá Lárionad Acmhainní na mBailiúchán i Sord foligthe le hArd-Mhúsaem na hÉireann ar chíos bliantúil de €860,000 ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Soláthraíonn Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí fordheontas bliantúil de €350,000. D'aontaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann spás i Lárionad Acmhainní na mBailiúchán a fholigean ar cíos do Ghailearaí Hugh Lane ar feadh na tréimhse Meitheamh 2017 go Meitheamh 2020. B’fhiú €34,440 an muirear foligin cíosa comhaontaithe, i gcomhair 2019.

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa sa todhchaí faoin léas oibriúcháin dochealaithe:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Níos déanaí ná Bliain Amháin | 510,000 | 510,000 |
| Níos déanaí ná Bliain Amháin ach nach déanaí ná Cúig Bliana | 3,440,000 | 3,440,000 |
| Níos déanaí ná Cúig Bliana | 4,912,603 | 4,912,603 |
| | **8,862,603** | **8,862,603** |

**14. Tuarastail**

**a) Sochair Comhiomlána Fostaithe**

| | 2019 | | 2018 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Oibríochtaí an Mhúsaeim** | **Siopaí an Mhúsaeim** | **Oibríochtaí an Mhúsaeim** | **Siopaí an Mhúsaeim** |
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 6,711,848 | 365,217 | 6,428,285 | 339,189 |
| Sochair Foirceanta | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ranníocaíochta leasa shóisialta an fhostóra | 653,573 | 37,772 | 605,121 | 33,393 |
| | **7,365,420** | **402,989** | **7,033,406** | **372,582** |

**b)** Sochair ghearrthéarmacha foirne

| | **€** | **€** | **€** | **€** |
|---|---|---|---|---|
| Bunphá | 6,544,554 | 348,553 | 6,169,117 | 327,603 |
| Ragobair | 11,411 | 12,190 | 122,771 | 4,708 |
| Liúntais | 155,883 | 4,473 | 136,397 | 6,878 |
| | **6,711,848** | **365,217** | **6,428,285** | **339,189** |

**c) Sochair foirceanta**

| | **€** | **€** | **€** | **€** |
|---|---|---|---|---|
| Sochair foirceanta a gearradh ar I&E | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **0** | **0** | **0** | **0** |

Ba é líon iomlán oibrithe a bhí fostaithe ar an 31 Nollaig 2019 ná **154** (2018: 165), i gceist anseo, bhí 148.09 croí-phost coibhéiseach lánaimseartha (2018: 142.8). Bhí post **18** i miondíol agus Acmhainní an Mhúsaem féin, ina raibh croíphoist choibhéise lánaimseartha 14.25 (2018: 11.25). Le linn na tréimhse rinneadh íocaíocht de € 50,584 leis an Roinn Cosanta Sóisialta mar íocaíocht ASPC do bheirt fhostaí.

**d) Príomhphearsanra Bainistíochta**

Na príomhphearsanra bainistíochta: An Stiúrthóir, Ceannasaí Oibríochtaí (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2019) agus an Ceannasaí Bailiúchán agus Foghlama Gníomhach (a ceapadh i Márta 2019).

Tá luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastal | 206,112 | 207,517 |
| Liúntais | 5,368 | 0 |
| | 211,480 | 207,517 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse seo san áireamh. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill den scéim aoisliúntais sochair shainithe san earnáil phoiblí agus ní shíneann a dteidlíochtaí ina leith sin níos sia ná na téarmaí a fhoráiltear sa scéim pinsean seirbhíse poiblí.

Is iad teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra ná teidlíochtaí caighdeánacha scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí agus ní shíneann teidlíochtaí ina leith sin níos sia ná téarmaí a fhoráiltear sa scéim pinsean seirbhíse poiblí.

| **e)Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Bunphá | 104,935 | 61,074 |
| Sochar comhchineáil | 0 | 0 |
| An Stiúrthóir roimhe seo - Bunphá (ar scor, Bealtaine 2018) | 0 | 43,277 |
| | **104,935** | **104,351** |

| I rith 2019, thabhaigh Stiúrthóir an Mhúsaem costais de | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Costais an Stiúrthóra** | 3,267 | 1,476 |
| An Stiúrthóir roimhe seo - ar scor, Bealtaine 2018 | 0 | 65 |
| | **3,267** | **1,541** |

**15.Costais Sochar Scoir**

**a) Anailís ar chostais sochar scoir iomlán a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas & Cúlchistí Ioncaim Coimeádta**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costas na Seirbhíse Reatha | 1,900,000 | 1,900,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair shainithe | 1,100,000 | 1,000,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (306,130) | (328,735) |
| | **2,693,870** | **2,571,265** |

**b) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean**

Aithníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann méid de €66,500,000 (2018:€55,500,000) mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir ar bhonn Itharlúintí san am a caitheadh. Áirítear anseo an bunús reachtúil maidir le bunú scéim shochar scoir, agus an beartas agus an cleachtas i ndáil le sochair scoir seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear, ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag Ard-Mhúsaem na hÉireann nach leanfar leis an mbeartas maoinithe seo ionas go n-íocfar na suimeanna seo, de réir an chleachtas reatha.

**c) Maoiniú Iarchurtha Glan le haghaidh sochair scoir**

Bhí an maoiniú iarchurtha glan le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas & Cúlchistí Ioncaim Coimeádta mar a leanas:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Maoiniú in-aisghabhála i leith costais sochar scoir na bliana reatha | 3,000,000 | 2,900,000 |
| Deontais Stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc | (941,433) | (968,495) |
| | **2,058,567** | **1,931,505** |

Ba é méid na sócmhainne maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir ar an 31 Nollaig 2019 ná €66,500,000 (2018: €55,500,000).

**d) Gluaiseacht in oibleagáidí sochar scoir glan le linn na bliana airgeadais**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Oibleagáid sochar glan ar 1 Eanáir | (55,500,000) | (52,520,000) |
| Costas na seirbhíse reatha | (1,900,000) | (1,900,000) |
| Costais Úis | (1,100,000) | (1,000,000) |
| (Cailteanas)/Gnóthachan achtúireach ar thaithí | 1,844,000 | (2,948,000) |
| Gnóthachan achtúireach ar thoimhdí | (10,785,000) | 1,900,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | 941,000 | 968,000 |
| **Oibleagáid sochar scoir ghlan ar 31 Nollaig** | **(66,500,000)** | **(55,500,000)** |

**e) Stair Oibleagáidí Sochar Sainithe**

| | **2019** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| Oibleagáidí Sochar Sainithe | 66,500,000 | 55,500,000 | 52,520,000 |
| (Caillteanais)/gnóthachain ar mhéid Dliteanas Scéime | (8,941,000) | (1,048,000) | 1,544,000 |
| Céatadán Dliteanas Scéime | (13%) | (2%) | 3% |

Ba é 13,049,000 (2018: Caillteanas €4,108,000) méid an chaillteanais achtúirigh charntha a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim Chuimsitheach.

**f) Tuairisc Ghinearálta ar an Scéim**

Is socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe í an phríomhscéim pinsean atá i bhfeidhm le sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear faoi threoir rialacháin scéime na hearnála poiblí “shamhlacha” reatha.

Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéile agus do leanaí. Is é breithlá 65 bliana d’aois an chomhalta, an gnáthaois scoir, agus tá teidlíocht ag comhaltaí réamh-2004 dul ar scor ó aois 60 bliain gan laghdú achtúireach a bheith déanta ina leith.

Ardófar pinsin de ghnáth, faoi réir cheadú an Aire, de réir na n-arduithe pá iomchuí is infheidhme maidir leis an bhfoireann atá ag obair. Bíonn na harduithe pinsin sin éifeachtach ó na dátaí céanna leis na harduithe pá.

Leanfar ar aghaidh le sochair phinsin a íoc as an vóta le haghaidh Aoisliúntas agus Liúntais Scoir i leith baill foirne a chuaigh ar scor roimh an dáta bunaithe, an 3 Bealtaine, 2005.

Íocfar sochair phinsin i leith baill foirne a chuaigh ar scor tar éis an dáta bunaithe iníoctha, de réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo i gcomhair na gcostas sin.

I gcás fostaithe a tháinig isteach san earnáil phoiblí tar éis an 1 Eanáir 2013 tá Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm.

Is Scéim Pinsean Sochair Shainithe ar Meán i gcaitheamh na Gairme í an scéim Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá sochair scoir mar bhall den scéim bunaithe go príomha ar chéatadán de thuilleamh inphinsin i rith na tréimhse gairme sa tseirbhís phoiblí.
I gcás gach tréimhse pá ina ndéantar ranníocaíochtaí, beifear ag cur leis an méid a bheidh sochair scoir. Is é iomlán na suimeanna seo ag tráth an scoir a dhearbhaíonn cé mhéad a bheidh sa sochar scoir, ach beidh roinnt coigeartuithe déanta orthu maidir le méaduithe ar an mboilsciú i leith na méideanna a tuilleadh níos luaithe i ngairm beatha an té atá ag dul ar scor.
Is í an ghnáthaois scoir faoin Scéim an aois chéanna ar féidir le fostaithe an Pinsean Stáit Ranníocach a éileamh ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is é 70 bliain an aois scoir uasta d'fhostaithe atá ina mbaill den Scéim Pinsean Aonair.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtaí FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach an 30 Meitheamh 2019 a rinne achtúire cáilithe, agus ceanglais FRS á gcur i gcuntas, d’fhonn dliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2019 a mheas.

| **Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1% | 1.85% |
| Ráta méadaithe ar thuarastail | 2.25% | 2.25% |
| Ráta méadaithe ar phinsin á n-íoc | 2.25% | 2.25% |
| Ráta Boilscithe | 1.75% | 1.75% |

Cuireadh feabhsuithe maidir le hionchas saoil le himeacht san áireamh thíos. Taispeántar sa tábla thíos ionchas saoil na gcomhaltaí a shlánóidh aois 65 bliain in 2019 and 2039.

| **An bhliain ina slánófar aois 65 bliana** | **2019** | **2039** |
|---|---|---|
| Blianta ionchais saoil - fir | 21.5 | 24 |
| Blianta ionchais saoil – mná | 23.9 | 26 |

**16. Fardal Miondíola**

| Stoc arna luacháil ar mhodh an mheánchostais. | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Stoc sna siopaí | 256,307 | 241,068 |
| Soláthar i gcomhair StocCríon Ginearálta | (59,628) | (64,935) |
| | **196,679** | **176,133** |

**17. Sócmhainní Oidhreachta**
Mar a leagtar amach sa Bheartas Cuntasaíochta 1(d), ní áirítear luach bhailiúcháin an Mhúsaeim sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Aithníonn an Músaem gur leis an Stát na sócmhainní oidhreachta faoi Alt 4 den Dublin Science and Art Museum Act, 1877, agus gurb é an Músaem caomhnóir na sócmhainní oidhreachta seo faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

**a) Cineál agus scála an bhailiúcháin**

**Déanann ceithre rannán bailithe ar leith coimeádaíocht ar bhailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann:**

**Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann**
Is é an Músaem an príomhstór náisiúnta do sheaniarsmaí na hÉireann, ag síneadh ón ré Mhéisiliteach ar aghaidh go dtí deireadh na Meánaoiseanna.

Bunaithe ar bhailiúcháin a chuir Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus Acadamh Ríoga na hÉireann i dtoll a chéile i ndeireadh an 18ú haois agus an 19ú haois, tá méadú as cuimse tagtha ar na bailiúcháin seandálaíochta le céad bliain anuas agus anois tá níos mó ná dhá mhilliún réad iontu. Tá méid, éagsúlacht agus cáilíocht shuntasach ag baint leis an mbailiúchán: aithnítear go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta le réimsí ar leith de – na bailiúcháin réamhstaire óir; miotalóireacht eaglasta agus ornáidí pearsanta na luath-meánaoise luaithe; agus bailiúchán Lochlannach Bhaile Átha Cliath.

Meastar gur maoin de chuid an Stáit iad aon réada seandálaíochta a fhaightear in Éirinn faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004 – lena n-áirítear iad siúd a fhaightear le linn tochailtí seandálaíochta. Tá an bailiúchán lárnach ag fás go tapa i gcaitheamh an ama, de bharr fionnachtain a fuarthas de thimpiste agus tochailtí móra seandálaíochta araon.

Tá bailiúcháin shuntasacha i seilbh an Rannáin de réada Clasaiceacha agus Éigipteacha mar aon le bailiúchán beag de sheaniarsmaí Eorpacha. Bailíodh bailiúcháin Eitneagrafaíocha an Rannáin go príomha sa tréimhse idir 1760 agus 1914 agus léiríonn siad réimse cultúr éagsúil.Tá ábhar ón bPolainéis, ón Meilinéis, ón Micrinéis, ó Mheiriceá Thuaidh agus Theas, Iarthar agus Deisceart na hAfraice agus ó Dheisceart agus Oirthear na hÁise sna bailiúcháin.

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31ú NOLLAIG 2019

**An Rannán Ealaíne agus Tionscail**
Léiríonn bailiúcháin an Rannáin seo na healaíona Éireannacha maisiúla agus feidhmeacha (ina measc, gloine, ceirmeacht, troscáin agus gréithe airgid) mar aon le stair eacnamaíoch, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitiúil agus mhíleata na hÉireann le trí chéad bliain anuas. Tá méid suntasach ábhar a léiríonn Éirí Amach na Cásca 1916 agus imeachtaí polaitiúla agus sóisialta ina dhiaidh sin i seilbh an Rannáin. Coimeádann sí freisin bailiúcháin d'Ealaíona Maisiúla na hÉireann, na hEorpa agus an Oirthir, a thugann tuiscint ar dhearadh agus cultúr idirnáisiúnta agus mar a bhaineann siad le hÉirinn. Meastar go bhfuil 150,000 réad sna bailiúcháin Ealaíne agus Tionscail.

**Rannán Shaol na Tuaithe**
Léiríonn bailiúcháin an Rannáin seo saol traidisiúnta na hÉireann, le béim ar leith ar shaol tuaithe na hÉireann. Tá réada anseo a bhaineann le talmhaíocht, le hiascaireacht, agus le sealgaireacht, le héadaí, le hailtireacht, le troscán dúchasach, le ceirdeanna agus ceardaíocht, le hiompar, le spóirt agus fóillíocht, le reiligiún, le miotalóireacht bhaile agus le hábhar a bhaineann le bia, le gloine, le ceirmeacht, le tuí, le féar agus le caoladóireacht, le hoideachas, le ceol, le nósanna féilire agus le gníomhaíocht thráchtála. Tá timpeall 35,000 réad ann.

Nuair a osclaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, in 2001 bronnadh ionad nua ar Rannán Shaol na Tuaithe ag Teach Pháirc Thurlaigh lasmuigh de Chaisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Aistríodh an chuid is mó de bhailiúcháin Shaol na Tuaithe ann, cé go bhfuil roinnt díobh fós faoi stóráil sa Daingean i gCo. Uíbh Fhailí agus táthar á n-aistriú go dtí an Lárionad Acmhainní Bailiúchán i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

**Rannán Stair an Dúlra**
Tugann an Rannán seo cúram do bhailiúcháin an Stáit sna disciplíní zó-eolaíochta, feithideolaíochta agus geolaíochta. (Aistríodh bailiúcháin luibheolaíocha an Mhúsaeim go dtí Garraithe Náisiúnta na Lus in 1970). Tá tuairim is dhá mhilliún eiseamal sna bailiúcháin. Is é an bailiúchán feithidí an bailiúchán is mó, ó thaobh líon de, a bhfuil tuairim is leath na n-eiseamal ar fad ann. Cnuasaíodh na bailiúcháin seo in imeacht tréimhse dhá chéad bliain. Is i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) a bhi na fréamhacha ba luaithe den mhúsaem nuair a thosaigh siad ag bailiú eiseamal san 18ú haois. Úsáideann an fhoireann agus cuairteoirí taighde na bailiúcháin mar acmhainn thagartha agus tá ról tábhachtach acu maidir le heiseamail a aithint, ar nós lotnaidí, a bhféadfadh tionchar ollmhór eacnamaíochta a bheith acu.

**(b) Beartas an Ard-Mhúsaeim i leith réada a fhaightear, caomhnaithe, bainistiú agus diúscartha**

Faoi théarmaí an *Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997*(Alt 11 (1)) "is éard a bheidh i bpríomhfheidhmeanna Bhord an Mhúsaeim an bailiúchán de réada oidhreachta músaeim a chothabháil, a bhainistiú, a rialú, a chosaint, a chaomhnú, a thaifeadadh, taighde a dhéanamh orthu, agus cur leo ar mhaithe le leas an phobail agus chun eolas maidir leis an saol daonna in Éirinn, stair dhúlra na hÉireann, agus caidrimh na hÉireann le tíortha eile i ndáil leis na gnéithe seo a mhéadú agus a leathadh laistigh agus lasmuigh den Stát.

***Réada a fhaightear*** – Nuair a chuirtear san áireamh sainchúram náisiúnta Ard-Mhúsaeim na hÉireann, go ginearálta, beidh tréith amháin nó na tréithe ar fad seo a leanas ag na réada a bheidh le sealbhú:

- Tábhacht náisiúnta a bheith leo
- A bheith oiriúnach lena gcur ar taispeáint
- Is féidir iad a úsáid le haghaidh taighde nó i réimse an oideachais
- Déantán a líonfaidh bearna sa bhailiúchán.

Ní dhéanfaidh an músaem aon réad nó eiseamal a shealbhú cibé acu trí cheannach, bronntanas, tiomnú nó malartú ach amháin i gcás gur deimhin leis an mbord rialaithe nó leis an oifigeach freagrach go bhféadfaidh an Músaem teideal bailí a fháil don réad atá i gceist, thar ceann an Stáit, agus go háirithe, nach bhfuarthas é i dtír a thionscnaimh nó nár easpórtáladh as an tír sin é (nó as aon tír idirmheánach a bhféadfadh go raibh úinéireacht dhlíthiúil ar an réad inti) de shárú ar dhlíthe na tíre sin. (Chun críocha na míre seo, is 'tír thionscnaimh' í Éire chomh maith). Déanfar doiciméadú ar gach réad a fhaightear de réir dhea-chleachtas an mhúsaeim.

***Caomhnú -*** Tá beartas caomhnaithe an Mhúsaeim bunaithe ar mheascán de chaomhnú coisctheach agus de chaomhnú leasúcháin, iad araon ceaptha chun a chinntiú go ndéanfar bailiúcháin an Mhúsaeim a chaomhnú. Ba chóir measúnuithe caomhantais a dhéanamh ar dtús ar nithe a bhféadfadh go ndéanfaí sealbhú orthu, sula nglactar i seilbh iad, sula bhfaightear ar iasacht iad nó sula gcuirtear ar taispeáint iad, agus ba chóir faireachán a dhéanamh ar bhail na réad agus na n-eiseamal atá sna bailiúcháin. Níor chóir bailiúcháin a choinneáil ach i seomraí nó i bhfoirgnimh a bhfuil a struchtúr slán agus inar féidir dálaí timpeallachta cuí a choimeád i gcomhair na réad atá i gceist.

**Bainistíocht -** Tá Tionscadal Fardail bailiúchán ar bun chun doiciméadú fardail ar leith a dhéanamh i gcomhair 789,000 réad. Déanfar taifeadadh grúpa ar bhailiúcháin taighde is mó ná sin. Is ionann sin agus thart ar 900,000 taifead réada. In 2018, rinneadh 11,022 taifead san iomlán a bhailíochtú, rud a d'fhág gurbh ionann líon iomlán na dtaifead bailíochtaithe ó cuireadh tús leis an tionscadal agus 684,693.

***Diúscairt*** – Sular féidir beart diúscartha a dhéanamh, caithfear a chinntiú nach bhfuil an réad/na réada lena mbaineann sealbhaithe nó díshealbhaithe. Is ar an mBord atá an fhreagracht seo agus é ag gníomhú ar chomhairle an Stiúrthóra agus baill foirne ghairmiúla. Níl an fhreagracht seo ar choimeádaí an bhailiúcháin, ag gníomhú dó nó di as nó aisti féin, cinneadh a dhéanamh eiseamal nó réad a dhiúscairt, cibé acu trína mhalartú, trína dhíol, trí bhronntanas a dhéanamh nó trína dhíothú (i gcás réad a bhfuil an iomarca damáiste déanta dó chun é a úsáid).

Déantar cur síos ar an nós imeachta maidir le diúscairtí i gcás réada seandálaíochta, ar leis an Stát iad, i leasú ar *Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994*, san Acht *um Fhorais Chultúir Náisiúnta*, *1997*(Alt 68 (2)) mar a leanas:

".. féadfaidh an Stiúrthóir, dá rogha féin, más é a thuairim nó a tuairim nach bhfuil tábhacht leordhóthanach seandálaíochta nó stairiúil leis an réad chun gur cóir don Stát é a choinneáil, an réad a dhiúscairt ar cibé modh is cuí dar leis nó léi."

Ina theannta sin, sonraítear san alt céanna den Acht:
"I gcás go dtagann réad seandálaíochta i seilbh an Stáit agus gurb é tuairim an Stiúrthóra gur mó an tábhacht áitiúil atá leis an réad ná tábhacht náisiúnta, féadfaidh an Stiúrthóir an réad a chur faoi chúram músaem ainmnithe".

Deirtear ann ina theannta sin:
"Maidir le réad seandálaíochta a cuireadh faoi chúram músaem ainmnithe ... ní dhéanfar é a dhiúscairt seachas ar mhodh aistrithe faoi chúram músaem ainmnithe eile nó faoi chúram Ard-Mhúsaem na hÉireann".

Úsáidfear aon airgead a gheobhaidh an músaem de thoradh réada a dhiúscairt chun réada a shealbhú le go gcuirfear leis na bailiúcháin iad chun tairbhe do na bailiúcháin.

**18. Soláthairtí**
Taifeadtar sna ráitis airgeadais soláthar le haghaidh éileamh i ndeireadh na bliana de mhéid €383,019 (2018: €322,019) i leith 2 éileamh um dlhiteanais phoiblí agus 2 éileamh um dlhiteanais fostóra atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann Ard-Mhusaem na hÉireann.

De réir FRS 102 alt 21, nochtar na méideanna seo a leanas i ndáil leis an soláthar le haghaidh éileamh i ndeireadh na bliana:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Soláthar ar 1 Eanáir** | 322,019 | 183,661 |
| Méadú/(laghdú) glan sa soláthar | 128,335 | 202,728 |
| Méideanna íoctha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann | (66,977) | (64,370) |
| **Soláthar ar 31 Nollaig** | **383,377** | **322,019** |

**19. Teagmhais**

Ní fhoráiltear do theagmhais sna Ráitis Airgeadais.

**20. Imeachtaí tar éis na tréimhse tuairiscithe**

Bhreithnigh na Stiúrthóirí an tionchar a bhí ag ráig COVID-19 ar oibríochtaí an Mhúsaeim. Tá na Stiúrthóirí sásta leis an luach a luaitear leis na hearraí stoic agus leanfaidh siad ag déanamh monatóireachta ar thionchar na ráige ar oibríochtaí an Mhúsaeim.

**21. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara**

Níl aon idirbhearta eile le páirtithe gaolmhara.

Is iad an príomhphearsanra bainistíochta ná an Stiúrthóir, an Ceannasaí Bailiúchán agus Foghlama agus an Ceannasaí Oibríochtaí. Ceapadh an Ceannasai Oibríochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2019. Faoi láthair tá Ceann na mBailiúchán ar shos gairme ó mhí Feabhra 2019, ceapadh an Ceannasaí Bailiúcháin agus Foghlama Gníomhach reatha i mí an Mhárta, 2019.

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta agus € 211,480 (2018: € 207,517).

**22. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais ar

Dáta: